2025/501

19.3.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/501 ÓN gCOIMISIÚN

an 18 Márta 2025

lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí snátha snáithín gloine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar na hallmhairí sin

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ('an bun-Rialachán'), agus go háirithe Airteagal 9(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Tionscnamh

(1) An 16 Feabhra 2024, thionscain an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') imscrúdú frithdhumpála i ndáil le hallmhairí snátha snáithín gloine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tSín' nó an tír lena mbaineann) ar bhonn Airteagal 5 den bhun-Rialachán. D'fhoilsigh sé fógra tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]) ('an fógra tionscnaimh').

(2) Thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú tar éis gearán a chuir Glass Fibre Europe ('an gearánach') isteach an 3 Eanáir 2024. Rinneadh an gearán thar ceann thionscal snátha snáithín gloine an Aontais de réir bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán. Ba leor an fhianaise sa ghearán maidir le dumpáil agus díobháil ábhartha dá thoradh sin chun údar a thabhairt le tionscnamh an imscrúdaithe.

1.2. Bearta sealadacha

(3) I gcomhréir le hAirteagal 19a den bhun-Rialachán, an 16 Meán Fómhair 2024, thug an Coimisiún achoimre ar na dleachtanna beartaithe do na páirtithe, agus thug sé sonraí dóibh faoi ríomh na gcorrlach dumpála agus na gcorrlach ar leor iad chun deireadh a chur leis an díobháil do thionscal an Aontais. Iarradh ar na páirtithe leasmhara barúlacha a thabhairt maidir le cruinneas na ríomhanna laistigh de 3 lá oibre.

(4) Ní bhfuarthas aon bharúil maidir le ríomh an tagarmhairc seo.

(5) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2673 ón gCoimisiún ([3]) an 15 Deireadh Fómhair 2024 ('an Rialachán sealadach), d'fhorchuir an Coimisiún dleachtanna frithdhumpála sealadacha ar shnáth snáithín gloine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

1.3. An nós imeachta ina dhiaidh sin

(6) Tar éis nochtadh na mbunfhíoras agus na mbunbhreithnithe ar ar a mbonn a forchuireadh dleacht frithdhumpála shealadach ('an nochtadh sealadach'), chuir na páirtithe leasmhara seo a leanas aighneachtaí i scríbhinn isteach inar chuir siad a dtuairimí in iúl maidir leis na torthaí sealadacha laistigh den sprioc-am dá bhforáiltear le hAirteagal 2(1) den Rialachán sealadach:

— An gearánach.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.
([2]) Fógra tionscnaimh maidir le himeachtaí frithdhumpála i ndáil le hallmhairí snátha snáithín gloine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO C, C/2024/1484, 16.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/1484/oj).
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2673 ón gCoimisiún an 11 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí snátha snáithín gloine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, (IO L, 2024/2673, 14.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2673/oj).

— Na húsáideoirí Proxim Plewka I Wspolnicy Spolka Komandytowa ('Proxim'), Kelteks d.o.o. ('Kelteks'), Rymatex sp. z o. o. ('Rymatex'), Tolnatext Fonalfeldolgozó es Műszakiszövet-gyártó Bt. ('Tolnatext') agus Vitrulan Holding GmbH ('Vitrulan').

— An t-allmhaireoir neamhchomhlachaithe FIBKO Sp. z o.o. ('FIBKO').

(7) Tugadh deis chainte do na páirtithe a d'iarr éisteacht. Reáchtáladh éisteachtaí leis na húsáideoirí Proxim agus Kelteks.

(8) Chuir an tríú húsáideoir aighneacht i scríbhinn isteach agus éisteadh leis. D'iarr an t-úsáideoir go gcaithfí lena bharúlacha mar bharúlacha faoi rún, áfach, agus níor thug sé achoimre neamhrúnda ar an aighneacht ná ar an éisteacht. Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 19(3) den bhun-Rialachán, thug an Coimisiún neamhaird ar an bhfaisnéis a sholáthair an t-úsáideoir sin ina anailís toisc nárbh fhéidir a léiriú go sásúil ó fhoinsí iomchuí go raibh an fhaisnéis ceart.

(9) Lean an Coimisiún air ag lorg agus ag fíorú na faisnéise uile a mheas sé a bheith riachtanach dá gcinntí críochnaitheacha. Agus an Coimisiún ag teacht ar a thorthaí cinntitheacha, mheas sé na barúlacha a chuir na páirtithe leasmhara isteach agus rinne sé athbhreithniú ar a chonclúidí sealadacha i gcás inarbh iomchuí.

(10) Chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara uile ar an eolas maidir leis na bunfhíorais agus na bunbhreithnithe ar ar a mbonn a raibh sé beartaithe aige dleacht frithdhumpála chinntitheach a fhorchur ar allmhairí snátha snáithín gloine de thionscnamh na Síne ('an nochtadh deiridh'). Tugadh tréimhse do na páirtithe leasmhara uile ina raibh siad in ann a barúlacha a thabhairt maidir leis an nochtadh.

(11) Tugadh deis chainte do na páirtithe a d'iarr éisteacht freisin. Reáchtáladh éisteachtaí le Solidian & Kelteks agus Rymatex.

1.4. **Maímh maidir le tionscnamh**

(12) In éagmais aon bharúil, deimhníodh aithrisí (1) go (2) den Rialachán sealadach.

1.5. **Sampláil**

(13) Tar éis an nochta shealadaigh, dúirt an gearánach gur mílitríodh ainm ceann de tháirgeoirí an Aontais in aithris (8). Aithníonn an Coimisiún gurb é Valmieras Stikla Skiedra AS an t-ainm ceart.

(14) In éagmais barúlacha eile maidir le leas an Aontais, deimhníodh na conclúidí in aithrisí (7) go (18) den Rialachán sealadach.

1.6. **Scrúdú aonair**

(15) Tar éis an nochta shealadaigh, d'fhiafraigh táirgeoir onnmhairiúcháin amháin de chuid na Síne, Schaeffler Friction Products (Suzhou) Co., Ltd, faoin scrúdú aonair. Níor chuir an chuideachta onnmhairiúcháin sin freagra ar an gceistneoir le haghaidh táirgeoirí onnmhairiúcháin isteach áfach laistigh den sprioc-am a shonraítear san fhógra tionscnaimh, rud atá contrártha do cheanglais Airteagal 17(3) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, diúltaíodh don iarratas.

1.7. **Freagraí ar an gceistneoir agus cuairteanna fíorúcháin**

(16) Tar éis an nochta shealadaigh, tugadh cuairt fíorúcháin de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán ag áitreabh na n-úsáideoirí Proxim sa Pholainn agus RELATS, S.A.U. sa Spáinn.

(17) Thug an gearánach dá aire gur mílitríodh ainm ceann de tháirgeoirí an Aontais in aithris (24) den Rialachán sealadach freisin. D'admhaigh an Coimisiún gur cheart an t-ainm sin a cheartú chuig Valmieras Stikla Skiedra AS, Valmiera, an Laitvia.

1.8. **An tréimhse imscrúdúcháin agus an tréimhse faoi bhreathnú**

(18) In éagmais aon bharúlacha, deimhníodh aithris (25) den Rialachán sealadach.

2. AN TÁIRGE LENA mBAINEANN AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL

(19) Leagtar amach in Aithris (26) den Rialachán sealadach an sainmhíniú ar an táirge lena mbaineann. Is é snáth snáithín gloine atá sa táirge faoi imscrúdú, bíodh sé casta nó ná bíodh, seachas slisní snáithín gloine, cordaí snáithín gloine agus duail mhionghearrtha, atá faoi láthair faoi chóid AC ex 7019 13 00 agus ex 7019 19 00 (Cóid TARIC 7019 13 00 10, 7019 13 00 15, 7019 13 00 20, 7019 13 00 25, 7019 13 00 30, 7019 13 00 50, 7019 13 00 87, 7019 13 00 94, 7019 19 00 30, 7019 19 00 85).

(20) Na cordaí snáithín, nach cuid den raon táirge iad, in éineacht le slisní snáithíní gloine agus duail mhionghearrtha, is struchtúir láidre snáithíní gloine teicstíle iad a dhéantar trí shnáthanna snáithín filiméid nó stáplacha a chasadh, a bhualadh, a cháblaiú nó a thrilsiú.

(21) Maidir leis an raon táirge, an 13 Samhain 2024, d'iarr an t-úsáideoir P-D Glasseiden GmbH Oschatz ('P-D Glasseiden') go ndéanfaí táirge ar a dtugtar Compofil, meascán de shnáithíní gloine agus de shnáithíní teirmeaplaisteacha, a eisiamh ó raon feidhme an táirge. Allmhairítear an táirge faoi chód AC 7019 19 00 faoi láthair.

(22) Bunaithe ar an bhfianaise a sholáthair P-D Glasseiden agus ar a thaighde féin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nárbh ionann na bunsaintréithe fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla éagsúla a bhí ag Compofil agus an táirge lena mbaineann agus, dá bhrí sin, nach raibh sé mar chuid den táirge lena mbaineann. D'aontaigh tionscal an Aontais leis an gconclúid sin.

(23) Ar bhonn na mbreithnithe thuas, shoiléirigh an Coimisiún nár áiríodh Compofil i raon táirge an imscrúdaithe.

3. DUMPÁIL

3.1. **Nós imeachta chun an gnáthluach a chinneadh faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán**

(24) Tar éis an nochta shealadaigh, ní bhfuair an Coimisiún aon bharúil maidir leis an nós imeachta chun an gnáthluach a shuí sa chás seo faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(25) Dá bhrí sin, deimhníodh torthaí sealadacha an Choimisiúin in aithris (41) den Rialachán sealadach.

3.2. **An Gnáthluach**

(26) Tar éis an nochta shealadaigh, ní bhfuair an Coimisiún aon bharúil maidir le haithris (43) lena leagtar amach téarmaí Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(27) Dá bhrí sin, deimhníodh torthaí sealadacha an Choimisiúin in aithris (43) den Rialachán sealadach.

3.2.1. *Saobhadh suntasach a bheith ann*

(28) Tar éis an nochta shealadaigh, ní bhfuair an Coimisiún barúlacha maidir le saobhadh suntasach a bheith ann. Dá bhrí sin, deimhníodh na conclúidí in aithris (70) den Rialachán sealadach.

3.2.2. *Tír ionadaíoch*

(29) Tar éis an nochta shealadaigh, ní bhfuair an Coimisiún barúlacha maidir leis an tír ionadaíoch a roghnú. Dá bhrí sin, deimhníodh na conclúidí in aithris (92) den Rialachán sealadach.

3.2.3. *Foinsí arna n-úsáid chun costais neamhshaofa a shuí*

3.2.3.1. Amhábhair

(30) Tar éis an nochta shealadaigh, rinne an gearánach tagairt d'aithris (105) den Rialachán sealadach agus d'athdhearbhaigh sé a iarraidh ar shoiléiriú ón gCoimisiún maidir le cé acu a áiríodh nó nár áiríodh ocsaigin faoi thomhaltáin. D'iarr an gearánach freisin go gcaithfí le hocsaigin ar leithligh, agus dhearbhaigh sé toisc gur chostais shuntasach é.

(31) Dheimhnigh an Coimisiún gur bhreithnigh sé gach ionchur i ríomh an ghnáthluacha, ar leithligh nó comhiomlánaithe mar thomhaltáin. Léiríodh i sonraí fíoraithe ó Henan Guangyuan nach costas suntasach é ocsaigin i ndéantúsaíocht. Ina theannta sin, níor chuir an gearánach aon fhianaise ar fáil chun a mhalairt a chruthú. Dá thoradh sin, tugadh neamhaird ar an maíomh.

(32) Ní bhfuarthas aon bharúil eile maidir le hamhábhair. Dá bhrí sin, deimhníodh na torthaí sealadacha agus na conclúidí sealadacha in aithrisí (98) go (107) den Rialachán sealadach.

3.2.3.2. Tosca táirgeachta eile

(33) Ní bhfuarthas aon bharúil maidir leis na tosca táirgeachta eile (saothar, leictreachas, gás nádúrtha, gás nádúrtha leachtaithe, gal agus uisce). Dá bhrí sin, deimhníodh na torthaí sealadacha agus na conclúidí sealadacha in aithrisí (108) go (116) den Rialachán sealadach.

3.2.3.3. Forchostais mhonaraíochta, costais díola, ghinearálta agus riaracháin, agus brabúis

(34) Ní bhfuarthas aon bharúil maidir le forchostais mhonaraíochta, costais díola, ghinearálta agus riaracháin, agus brabúis. Dá bhrí sin, deimhníodh na torthaí sealadacha agus na conclúidí sealadacha in aithrisí (117) go (125) den Rialachán sealadach.

3.2.4. *Ríomh an ghnáthluacha*

(35) Ní bhfuarthas aon bharúil maidir le ríomh an ghnáthluacha. Dá bhrí sin, deimhníodh aithrisí (126) go (130) den Rialachán sealadach.

3.2.5. *An praghas onnmhairiúcháin*

(36) Ní bhfuarthas aon bharúil maidir leis bpraghas onnmhairiúcháin. Dá bhrí sin, deimhníodh aithrisí (131) go (134) den Rialachán sealadach.

3.2.6. *Comparáid*

(37) Ní bhfuarthas aon bharúil maidir leis an gcomparáid. Dá bhrí sin, deimhníodh aithris (135) den Rialachán sealadach.

3.2.7. *Corrlach dumpála*

(38) Ní bhfuarthas aon bharúil maidir le ríomh an chorrlaigh dumpála. Dá bhrí sin, deimhníodh aithris (146) den Rialachán sealadach.

(39) Seo a leanas na corrlaigh dhumpála chinntitheacha arna sloinneadh ina gcéatadáin den phraghas costais, árachais agus last-táille (CAL) ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

Cuideachta	Corrlach dumpála cinntitheach
Henan Guangyuan New Material Co., Ltd	26,3 %
Na hallmhairí uile eile de thionscnamh na Síne	56,1 %

4. **DÍOBHÁIL**

4.1. **Sainiú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais**

(40) In éagmais barúlacha maidir le cinneadh thionscal an Aontais agus tháirgeacht an Aontais, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí mar a leagtar amach in aithrisí (147) agus (148) den Rialachán sealadach.

4.2. **Margadh ábhartha an Aontais a chinneadh**

(41) In éagmais barúlacha maidir le cinneadh mhargadh ábhartha an Aontais, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí mar a leagtar amach in aithrisí (149) go (154) den Rialachán sealadach.

4.3. **Tomhaltas an Aontais**

(42) In éagmais barúlacha maidir le tomhaltas an Aontais, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí mar a leagtar amach in aithrisí (155) go (158) den Rialachán sealadach.

4.4. **Allmhairí ón tír lena mbaineann**

(43) In éagmais barúlacha maidir le hallmhairí ón tír lena mbaineann, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí mar a leagtar amach in aithrisí (159) go (163) den Rialachán sealadach.

4.4.1. *Praghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann agus sladghearradh praghais*

(44) In éagmais barúlacha maidir le praghas na n-allmhairí ón tír lena mbaineann, sladghearradh praghais agus ísliú praghsanna, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí mar a leagtar amach in aithrisí (162) go (167) den Rialachán sealadach.

4.5. **Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais**

4.5.1. *Barúlacha ginearálta*

(45) In éagmais aon bharúil, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí a leagtar amach in aithrisí (168) go (171) den Rialachán sealadach.

4.5.2. *Táscairí maicreacnamaíocha*

4.5.2.1. Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

(46) In éagmais barúlacha maidir le táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí mar a leagtar amach in aithrisí (172) go (175) den Rialachán sealadach.

4.5.2.2. An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

(47) In éagmais barúlacha maidir le méid na ndíolachán agus an sciar den mhargadh, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí mar a leagtar amach in aithrisí (176) go (178) den Rialachán sealadach.

4.5.2.3. Fás

(48) In éagmais barúlacha maidir le fás, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí mar a leagtar amach in aithris (179) den Rialachán sealadach.

4.5.2.4. Fostaíocht agus táirgiúlacht

(49) In éagmais barúlacha maidir le fostaíocht agus táirgiúlacht, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí mar a leagtar amach in aithrisí (180) agus (181) den Rialachán sealadach.

4.5.2.5. Méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh ó dhumpáil a tharla roimhe seo

(50) In éagmais barúlacha maidir le méid an chorrlaigh dumpála agus maidir le téarnamh ó dhumpáil a tharla roimhe seo, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí mar a leagtar amach in aithrisí (182) go (183) den Rialachán sealadach.

4.5.3. *Táscairí micreacnamaíocha*

4.5.3.1. Praghsanna agus tosca lena ndéantar difear do phraghsanna

(51) In éagmais barúlacha maidir le praghsanna agus le tosca a mbíonn tionchar acu ar phraghsanna, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí mar a leagtar amach in aithrisí (184) go (186) den Rialachán sealadach.

4.5.3.2. Costais saothair

(52) In éagmais barúlacha maidir le costais saothair, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí mar a leagtar amach in aithrisí (187) agus (188) den Rialachán sealadach.

4.5.3.3. Fardail

(53) In éagmais barúlacha maidir le fardail, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí mar a leagtar amach in aithrisí (189) go (190) den Rialachán sealadach.

4.5.3.4. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí agus an cumas caipiteal a chruinniú

(54) In éagmais barúlacha maidir le brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, toradh ar infheistíochtaí agus cumas caipiteal a thiomsú, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí mar a leagtar amach in aithrisí (191) go (196) den Rialachán sealadach.

4.5.4. *Conclúid maidir le díobháil*

(55) Deimhníodh na conclúidí ar thángthas orthu in aithrisí (197) go (199) den Rialachán sealadach.

5. **CÚISÍOCHT**

5.1. **Éifeachtaí na n-allmhairí dumpáilte**

(56) Mar a léirítear in aithris (203) den rialachán sealadach, mhéadaigh allmhaireoirí na Síne a sciar den mhargadh go suntasach le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus choinnigh siad sciar ard den mhargadh le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus iad ag díol ar phraghsanna díobhálacha. Thairis sin, mar a mhínítear in aithris (203) den Rialachán sealadach, chuir an gearánach fianaise ar fáil go raibh stoic arda á gcarnadh ag úsáideoirí in 2022 agus gur thosaigh drogall orthu foinsiú ó thionscal an Aontais in 2023. Ní dhearna aon pháirtí agóid i gcoinne na faisnéise atá san aithris sin tar éis fhorchur na mbeart sealadach. In aon chás, mheas an Coimisiún go raibh na heilimintí eile go léir sa chomhad leordhóthanach chun cloí leis an gconclúid go ndearna allmhairí dumpáilte ón tSín díobháil ábhartha do thionscal an Aontais.

(57) Mar a suíodh cheana féin ag an gcéim shealadach, mhéadaigh an tSín a sciar den mhargadh go suntasach le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus choinnigh sí sciar ard den mhargadh ar bun le linn na tréimhse imscrúdúcháin (ó 15 %–25 % in 2020 go 30 %–40 % sa tréimhse imscrúdúcháin, is é sin méadú 68 %). Thairis sin, bhí leibhéal phraghsanna onnmhairiúcháin na Síne chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin an-íseal nuair a cuireadh i gcomparáid iad le praghsanna díola thionscal an Aontais agus lena gcostas táirgthe araon. Mar a léirítear i dtáblaí 4 agus 8 den Rialachán sealadach, ba é EUR 1 720/tona an meánphraghas allmhairiúcháin ón tSín, agus ba é [2 150–2 250] EUR/tona agus costas aonaid an táirgthe [2 280–2 330] EUR/tona meánphraghas thionscal an Aontais. Ina theannta sin, mar a léirítear in aithris (166) den Rialachán sealadach, shuigh an Coimisiún go

ndearnadh sladghearradh suntasach i gcás an táirgeora onnmhairiúcháin chomhoibríoch agus i gcás gach allmhaire eile ón tSín chomh maith le sochtadh suntasach praghsanna, mar a luaitear in aithris (198) den Rialachán sealadach. Is mar gheall ar na praghsanna ísle sin amháin a choinnigh an tSín a sciar den mhargadh ar bun i gcomhthéacs éileamh a bhí ag lagú agus ní raibh tionscal an Aontais in ann a chostais a aisghabháil mar gheall ar onnmhairí na Síne ar phraghas íseal. I gcomhthéacs chostas táirgthe thionscal an Aontais a bheith ag méadú le linn na tréimhse imscrúdúcháin, bhí meánphraghas na n-allmhairí ón tSín le linn na tréimhse imscrúdúcháin níos ísle cheana féin ná praghsanna agus costas táirgthe thionscal an Aontais in 2022, tráth a raibh an tionscal sin fós brabúsach. Thairis sin, léiríonn sé sin an díobháil do phraghsanna arbh iad na hallmhairí dumpáilte ba chúis léi le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(58) I bhfianaise an mhéid sin thuas agus in éagmais aon bharúil, deimhníodh aithrisí (201) go (204) den Rialachán sealadach.

5.2. **Éifeachtaí tosca eile**

5.2.1. *Allmhairí ó thríú tíortha*

(59) In éagmais aon bharúlacha, deimhníodh aithrisí (205) go (209) den Rialachán sealadach.

5.2.2. *Feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais*

(60) In éagmais aon bharúlacha, deimhníodh aithrisí (210) go (211) den Rialachán sealadach.

5.2.3. *Tomhaltas*

(61) In éagmais aon bharúlacha, deimhníodh aithrisí (212) go (213) den Rialachán sealadach.

5.2.4. *Úsáid faoi chuing*

(62) In éagmais aon bharúil, deimhníodh aithris (214) den Rialachán sealadach.

5.2.5. *Tomhaltas*

(63) In éagmais aon bharúlacha, deimhníodh aithrisí (215) go (225) den Rialachán sealadach.

5.3. **Conclúid maidir le cúisíocht**

(64) In éagmais aon bharúlacha, deimhníodh an Coimisiún a chuid conclúidí a leagtar amach in aithrisí (226) go (227) den Rialachán sealadach.

6. **LEIBHÉAL NA mBEART**

6.1. **Corrlach díobhála**

(65) In éagmais aon bharúlacha, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí ó aithrisí (229) go (242) den Rialachán sealadach.

(66) Mar a fhoráiltear le hAirteagal 9(4), an tríú fomhír, den bhun-Rialachán, agus de bharr nár chláraigh an Coimisiún allmhairí le linn thréimhse an réamhnochta, rinne sé anailís ar fhorbairt na méideanna allmhairí chun a shuí ar tháinig méadú substaintiúil eile ar allmhairí faoi réir an imscrúdaithe le linn thréimhse an réamhnochta a shonraítear in aithris (3) chun go léireofaí an díobháil bhreise ba thoradh ar mhéadú den sórt sin nuair a bhí an corrlach díobhála á chinneadh.

(67) Ar bhonn na sonraí ó bhunachar sonraí Surveillance 3, bhí méideanna na n-allmhairí ón tSín 2 % níos ísle le linn tréimhse ceithre seachtaine an réamh-nochta ná meánmhéideanna na n-allmhairí sa tréimhse imscrúdúcháin ar bhonn ceithre seachtaine. Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur tháinig ardú substaintiúil ar na hallmhairí faoi réir an imscrúdaithe le linn na tréimhse réamhnochta.

Dá bhrí sin, níor choigeartaigh an Coimisiún leibhéal an díothaithe díobhála i ndáil leis sin.

6.2. **Conclúid maidir le leibhéal na mbeart**

(68) De réir an mheasúnaithe thuas, is mar a leanas ba cheart dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha a shocrú i gcomhréir le hAirteagal 7(2) den bhun-Rialachán:

Cuideachta	Dleacht frithdhumpála chinntitheach
Henan Guangyuan New Material Co., Ltd	26,3 %
Na hallmhairí uile eile de thionscnamh na Síne	56,1 %

7. **LEAS AN AONTAIS**

(69) Tar éis fhoilsiú an Rialacháin shealadaigh, tháinig roinnt páirtithe leasmhara nua chun cinn. Mar a léirítear in aithris (6), chuir 5 úsáideoir agus allmhaireoir neamhchomhlachaithe amháin barúlacha isteach. Reáchtáladh éisteachtaí le 2 cheann de na húsáideoirí sin. Rinne an gearánach aighneacht inar tugadh aghaidh ar na hargóintí a d'ardaigh na páirtithe leasmhara eile.

7.1. **Leas thionscal an Aontais**

(70) In éagmais aon bharúlacha, dheimhnigh an Coimisiún a chonclúidí ó aithris (245) den Rialachán sealadach.

7.2. **Allmhaireoirí neamhchomhlachaithe a shampláil**

(71) Ina bharúlacha maidir leis na torthaí sealadacha, d'áitigh FIBKO, allmhaireoir agus dáileoir neamhspleách snátha snáithín gloine, nach raibh an acmhainneacht táirgeachta ag táirgeoirí an Aontais chun freastal ar an éileamh ar shnáth snáithín gloine ó mhonaróirí neamhspleácha fabraice a cheannaíonn snáth snáithín gloine ó allmhaireoirí agus dáileoirí dá bhrí sin. D'áitigh FIBKO go raibh ganntanas táirgeachta ag tionscal an Aontais, a mhonaraigh fabraicí agus táirgí ó shnáth snáithín gloine freisin, agus nach raibh an acmhainneacht ná an toilteanas aige na cainníochtaí riachtanacha snáth snáithín gloine a sholáthar d'úsáideoirí neamhspleácha. Ina theannta sin, chuir FIBKO a imní in iúl maidir le hiomaíocht chóir agus luaigh sé go bhféadfadh sé go bhfuil cleachtais mhonaplacha ag teacht chun cinn i measc táirgeoirí comhtháite de chuid an Aontais.

(72) Níor thug FIBKO bunús lena mhaímh maidir le ganntanais soláthair ar mhargadh an Aontais agus níor sholáthair sé aon fhianaise ina leith sin. Go deimhin, chinn an Coimisiún ag an gcéim shealadach gur [130 000-150 000] tona a bhí in acmhainneacht táirgeachta tháirgeoirí an Aontais sa tréimhse imscrúdúcháin„ méid níos airde ná tomhaltas iomlán an Aontais sa tréimhse chéanna, is é sin [98 000-118 000] tona ([4]). In aon chás, ní chuireann forchur dleachtanna frithdhumpála cosc ar allmhaireoir neamhspleách leanúint de shnáth snáithín gloine a allmhairiú ón tSín faoi dhálaí margaidh córa nó ó thríú tíortha eile agus leanúint de na cainníochtaí snátha snáithín gloine a theastaíonn uathu dá dtáirgeadh a sholáthar d'úsáideoirí.

(73) Tugtar aghaidh ar an argóint maidir le cleachtais mhonaplacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn i roinnt 7.3.1 thíos.

(74) In éagmais aon bharúlacha, dheimhnigh an Coimisiún a chonclúidí ó aithris (246) den Rialachán sealadach.

([4]) Tábla 2 agus Tábla 5 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2673 ón gCoimisiún an 11 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí snátha snáithín gloine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L, 2024/2673 14.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2673/oj).

7.3. **Leas na n-úsáideoirí**

(75) Tar éis bearta sealadacha a fhorchur, dúirt roinnt úsáideoirí go gcruthódh na bearta ceannasacht i gcás 2 tháirgeoir de chuid an Aontais ar mhargadh an Aontais agus go mbeadh ganntanais soláthair mar thoradh orthu. D'áitigh siad go mbeadh sé i gcoinne leas an Aontais bearta a fhorchur ar shnáth snáithín gloine. D'iarr siad freisin go n-áireofaí ar na bearta, má fhorchuirtear iad, na táirgí iartheachtacha a dhéantar as snáth snáithín gloine de thionscnamh tíortha eile nach bhfuil san Aontas a úsáideann snáth snáithín gloine ar chostas íseal ón tSín mar amhábhar chun úsáideoirí a chosaint ar iomaíocht éagórach ó thríú tíortha ar a margadh.

7.3.1. *Seasamh ceannasach tháirgeoirí an Aontais ar an margadh*

(76) Thug úsáideoirí le fios gur saintréith de mhargadh snátha snáithín gloine an Aontais é comhchruinniú ard táirgeachta laistigh de líon teoranta monaróirí comhtháite. D'áitigh siad go raibh smacht suntasach ag na cuideachtaí comhtháite sin ar tháirgeadh agus ar phraghsáil snátha snáithín gloine araon. Mhaígh siad freisin go gcuirfeadh comhtháthú ingearach tháirgeoirí an Aontais ar a gcumas dóibh dinimic an mhargaidh a ionramháil chun a mbuntáiste.

(77) Ina fhreagra ar aighneachtaí an úsáideora, d'áitigh an gearánach nach raibh ceannasacht sa mhargadh ag an 2 tháirgeoir de chuid an Aontais de réir bhrí Airteagal 102 CFAE toisc nach raibh a sciar comhcheangailte den mhargadh níos mó ná 50 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Go deimhin, tháinig laghdú 12 phointe céatadáin fiú ar an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais ar an iomlán idir 2020 agus 2023. Ina theannta sin, d'áitigh an gearánach go bhfuil táirgeoirí snátha snáithín gloine de chuid na Téaváine, Mheicsiceo agus tríú tír eile i láthair ar mhargadh an Aontais chomh maith le honnmhaireoirí ón tSín.

(78) Thug an Coimisiún dá aire ar dtús nach féidir leis, faoi chuimsiú an imscrúdaithe seo, a mheas ná a chinneadh an bhfuil ceannasacht sa mhargadh ag tionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 102 CFAE. In aon chás, chinn an Coimisiún ag an gcéim shealadach go raibh sciar 28 % den mhargadh ag allmhairí ó thríú tíortha le chéile, rud a léiríonn go bhfuil foinsí soláthair malartacha ag úsáideoirí seachas táirgeoirí na Síne nó táirgeoirí an Aontais. Dá réir sin, dhiúltaigh an Coimisiún do mhaíomh na bpáirtithe a shonraítear in aithris (76).

(79) In éisteacht, tar éis an nochta chinntithigh, d'áitigh Rymatex go bhfuil praghsanna ísle onnmhairí na Síne bunaithe ar iomaíocht inmheánach an-ard, costais fuinnimh ísle, éifeachtúlacht táirgeachta ard agus go pointe níos lú ar thacaíocht rialtais.

(80) Níor thug Rymatex bunús leis an ngaol idir an iomaíocht inmheánach ard líomhnaithe agus leibhéal na bpraghsanna onnmhairiúcháin. Cuireadh éifeachtúlacht an táirgeora onnmhairiúcháin chomhoibríoch san áireamh agus an gnáthluach á shuí, toisc gur úsáideadh rátaí tomhaltais iarbhír sa ríomh. Ar deireadh, maidir le praghsanna na n-ionchur lena n-áirítear fuinneamh, fuarthas amach go ndearna an saobhadh suntasach a suíodh i nDaon-Phoblacht na Síne difear dóibh. Níor sholáthair aon pháirtí leasmhar aon fhianaise chruinn agus iomchuí, de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, lenar suíodh go dearfach nach ndearnadh aon cheann de na costais (lena n-áirítear fuinneamh) a shaobhadh. Dhiúltaigh an Coimisiún don argóint sin dá bhrí sin.

7.3.2. *Ganntanais soláthair*

(81) D'áitigh roinnt úsáideoirí go bhféadfadh ganntanais soláthair a bheith mar thoradh ar tháirgeoirí an Aontais a bheith comhtháite agus in iomaíocht lena n-úsáideoirí. Dúirt roinnt úsáideoirí freisin nár mhonaraigh tionscal an Aontais na cineálacha uile snátha snáithín gloine a bhí ag teastáil ó na húsáideoirí sin agus gur míbhuntáiste mór d'úsáideoirí a bheadh ann dá mbeadh feidhm ag na dleachtanna frithdhumpála maidir leis na cineálacha sin snáth snáithín gloine freisin. Mhaígh úsáideoir amháin freisin go raibh fadhbanna acu maidir le snáth snáithín gloine a bheith ar fáil ó tháirgeoirí an Aontais, a úsáideann snáth snáithín gloine go príomha i dtáirgeadh fabraicí iartheachtacha a théann in iomaíocht dhíreach le táirgí na n-úsáideoirí.

(82) Cé go bhféadfadh cásanna a bheith ann ina mbeadh táirgeoirí an Aontais i bhfabhar a dtomhaltas faoi chuing thar sholáthar do mhargadh an Aontais mar thoradh ar an 2 tháirgeoir de chuid an Aontais a bheith comhtháite agus in iomaíocht lena n-úsáideoirí maidir le roinnt táirgí, níor chuir na húsáideoirí fianaise leordhóthanach ar fáil chun tacú leis an maíomh sin gur cás struchtúrach é sin agus nach bhfuil sé teoranta do theagmhais shealadacha. Cé go bhféadfadh sé nach dtairgeann táirgeoirí an Aontais gach cineál snátha snáithín gloine faoi láthair, níor áitíodh nach bhfuil an teicneolaíocht ach ag onnmhaireoirí sonracha de chuid na Síne chun na cineálacha snátha snáithín gloine sin a theastaíonn ón úsáideoir sin a tháirgeadh. Ós rud é gur ann d'allmhairí substaintiúla ó thríú tíortha eile, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, dá bhrí sin, nár cheart an gá sealadach atá le snáth snáithín gloine sonrach a allmhairiú le dleachtanna níos airde go dtí gur féidir aistriú chuig soláthróir eile a bheith ina chúis an-láidir i gcoinne fhorchur na mbeart.

(83) Ina theannta sin, agus onnmhaireoirí ó thríú tíortha á gcur san áireamh, níor cheart go n-eascródh cásanna ganntanas soláthair as iompar tháirgeoirí an Aontais amháin.

(84) Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún do mhaímh na n-úsáideoirí ina leith sin.

(85) In éisteacht, tar éis an nochta chinntithigh, d'áitigh Rymatex nach soláthródh an soláthar a bhí ar fáil ó tháirgeoirí an Aontais staid chobhsaí soláthair d'úsáideoirí agus go ndéanfadh dleachtanna ar shnáth snáithín gloine na Síne difear tromchúiseach do chumas an úsáideora dul san iomaíocht i margadh an Aontais.

(86) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh fianaise dhoiciméadach leordhóthanach sa chomhad le haghaidh staid struchtúrach éagobhsaí soláthair agus foinsiú malartach mar a thuairiscítear in aithris (78) á chur san áireamh freisin agus, dá bhrí sin, nach bhféadfadh sé staid an tsoláthair a chinneadh mar chúis láidir i gcoinne bearta cinntitheacha a fhorchur.

7.3.3. *Brú praghsanna ar tháirgí úsáideoirí ó iomaitheoirí neamh-AE*

(87) D'áitigh na húsáideoirí go neartódh forchur na ndleachtanna frithdhumpála ar shnáth snáithín gloine ón tSín staid iomaíoch na monaróirí a dhéanann táirgí iartheachtacha snátha snáithín gloine ó lasmuigh den Aontas, go sonrach i réigiún na mBalcán nach n-íocann dleachtanna frithdhumpála ar a n-amhábhair.

(88) Níor cuireadh aon sonraí isteach le linn an imscrúdaithe a léireodh go raibh táirgeoirí na dtáirgí snáithín gloine iartheachtacha neamhchosanta ar iomaíocht throm ón gcoigríoch. Chuir an Coimisiún in iúl freisin nár chuir aon cheann de na húsáideoirí ríomhanna isteach a thabharfadh léargas ar an mbrú ar phraghsanna agus ar éifeacht na ndleachtanna frithdhumpála ar úsáideoirí.

(89) Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún do mhaímh na n-úsáideoirí ina leith sin.

7.4. **Tosca eile**

(90) Mhaígh úsáideoir amháin nach bhfuair sé faisnéis maidir leis an imscrúdú reatha ó chomhlachas thionscal na n-úsáideoirí. D'áitigh an chuideachta go n-ardaíonn an méid sin imní faoi rialachas, trédhearcacht agus cuntasacht na heagraíochta sin.

(91) Thug an Coimisiún na barúlacha dá aire agus rinne sé anailís chúramach. I ndáil leis sin, dheimhnigh an Coimisiún, ar bhonn sonraí atá ar fáil go poiblí, go raibh an 2 tháirgeoir de chuid an Aontais, go deimhin, ina gcomhaltaí de Tech-Fab ([5]). Dheimhnigh an Coimisiún nár thuairiscigh an gearánach an comhlachas úsáideoirí Tech-Fab i liosta na gcomhlachas ionadaíoch atá i gceangal leis an ngearán. Ní thagann an caidreamh idir an t-úsáideoir, a chomhlachas agus an t-ionadaí dlíthiúil faoi raon feidhme an imscrúdaithe seo. Mheabhraigh an Coimisiún gur fógraíodh tionscnamh an cháis don phobal trína fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, agus gur chláraigh an t-úsáideoir atá i gceist mar pháirtí leasmhar roinnt míonna roimh an nochtadh sealadach agus roimh an rialachán sealadach.

7.5. **An chonclúid maidir le leas an Aontais**

(92) I bhfianaise an toraidh in aithrisí (70) go dtí (91) den Rialachán seo, níl aon chúis láidir ann gan bearta cinntitheacha a fhorchur, agus dá bhrí sin dheimhnigh an Coimisiún a chonclúidí ó aithris (250) den Rialachán sealadach.

([5]) https://tech-fab-europe.eu/members/, arna cheadú an 13.1.2025.

8. **BEARTA FRITHDHUMPÁLA CINNTITHEACHA**

8.1. **Bearta cinntitheacha**

(93) Ar bhonn na gconclúidí ar ar thángthas orthu maidir le dumpáil, díobháil, cúisíocht, leibhéal na mbeart agus leas an Aontais, agus i gcomhréir le hAirteagal 9(4) den bhun-Rialachán, ba cheart bearta frithdhumpála cinntitheacha a fhorchur chun cosc a chur le tuilleadh díobhála do thionscal an Aontais de dheasca allmhairí dumpáilte an táirge lena mbaineann.

(94) Ar bhonn a bhfuil thuas, ba cheart na dleachtrátaí frithdhumpála cinntitheacha, arna sloinneadh ar phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh an dleacht chustaim a íoc, a bheith mar a leanas:

Cuideachta	Corrlach dumpála (%)	Corrlach díobhála (%)	Dleacht frithdhumpála chinntitheach (%)
Henan Guangyuan New Material Co., Ltd	26,3	129,9	26,3
Na hallmhairí uile eile de thionscnamh na Síne	56,1	182,2	56,1

(95) Na dleachtrátaí frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí aonair a shonraítear sa Rialachán seo, bunaíodh iad ar bhonn thorthaí an imscrúdaithe seo. Dá bhrí sin, is léiriú iad ar an staid mar a suíodh le linn an imscrúdaithe seo maidir leis na cuideachtaí sin. Tá na dleachtrátaí sin infheidhme go heisiach maidir le hallmhairí an táirge faoi imscrúdú de thionscnamh na tíre lena mbaineann agus arna tháirgeadh ag na heintitis dhlíthiúla ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann arna monarú ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach i gcuid oibríochtúil an Rialacháin seo, lena n-áirítear eintitis atá comhlachaithe leo sin a luaitear go sonrach, ní féidir leo tairbhe a bhaint as na rátaí sin agus ba cheart go mbeadh siad faoi réir an dleachtráta is infheidhme maidir leis ‘gach allmhaire eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne’.

(96) Féadfaidh cuideachta a iarraidh go gcuirfí na dleachtrátaí frithdhumpála aonair sin i bhfeidhm má athraíonn sí ainm a heintitis ina dhiaidh sin. Ní mór an t-iarratas a chur chuig an gCoimisiún ([6]). Ní mór an fhaisnéis ábhartha uile a bheith san iarraidh ionas gur féidir a léiriú nach ndéantar difear leis an athrú do cheart na cuideachta tairbhiú den dleachtráta is infheidhme maidir léi. Más amhlaidh nach ndéantar difear leis an athrú ar ainm na cuideachta do cheart na cuideachta tairbhiú den dleachtráta is infheidhme maidir léi, foilseofar rialachán maidir leis an athrú ainm in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(97) Chun na rioscaí maidir le himchéimniú a íoslaghdú de bharr na difríochta i ndleachtrátaí, teastaíonn bearta speisialta chun cur i bhfeidhm na ndleachtanna frithdhumpála aonair a áirithiú. Níl cur i bhfeidhm dleachtanna frithdhumpála aonair infheidhme ach amháin nuair a thaispeántar sonrasc tráchtála bailí d’údaráis chustaim na mBallstát. Ní mór an sonrasc a bheith i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo. Go dtí go gcuirfear an sonrasc sin isteach, ba cheart allmhairí a bheith faoi réir na dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir le ‘gach allmhaire eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne’.

(98) Cé go bhfuil sé riachtanach an sonrasc sin a chur i láthair údaráis chustaim na mBallstát chun na dleachtrátaí frithdhumpála aonair a chur i bhfeidhm maidir le hallmhairí, ní hé an t-aon ghné é a chuirfidh na húdaráis chustaim san áireamh. Go deimhin, fiú má thugtar sonrasc d’údaráis chustaim na mBallstát a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo, ba cheart dóibh a ngnáthsheiceálacha a dhéanamh agus féadfaidh siad, mar atá i ngach cás eile, doiciméid bhreise a éileamh (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun cruinneas na sonraí atá sa dearbhú a fhíorú agus chun a áirithiú go mbeidh údar le cur i bhfeidhm an ráta dleachta ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an dlí custaim.

([6]) Ríomhphost: TRADE-TDI-NAME-CHANGE-REQUESTS@ec.europa.eu; European Commission, Directorate-General for Trade, Directorate G, Rue de la Loi/Wetstraat 170, 1040 Bruxelles/Brussel, BELGIQUE/BELGIË.

(99) Má thagann méadú suntasach ar an méid onnmhairí a dhéanann ceann de na cuideachtaí a thairbhíonn de na dleachtrátaí aonair níos ísle tar éis fhorchur na mbeart lena mbaineann, d'fhéadfaí a mheas gurb éard atá i méadú den sórt sin ann féin athrú ar an bpatrún trádála de bharr fhorchur na mbeart de réir bhrí Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán. Sna himthosca sin, féadfar imscrúdú frith-imchéimnithe a thionscnamh, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha chun déanamh amhlaidh. Féadfar scrúdú a dhéanamh san imscrúdú sin, *inter alia*, ar an ngá atá le deireadh a chur le dleachtráta(í) aonair agus ar an ngá le dleacht ar an leibhéal náisiúnta a fhorchur dá bharr sin.

(100) Chun a áirithiú go ndéanfar na dleachtanna frithdhumpála a fhorfheidhmiú mar is ceart, ba cheart feidhm a bheith leis an dleacht frithdhumpála le haghaidh gach allmhaire eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, ní hamháin maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin neamh-chomhoibríocha san imscrúdú seo, ach ina dteannta sin, maidir leis na táirgeoirí nach ndearna táirgí a onnmhairiú chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

8.2. **Bailiúchán cinntitheach na ndleachtanna sealadacha**

(101) I bhfianaise na gcorrlach dumpála a cinneadh agus an leibhéil díobhála a rinneadh do thionscal an Aontais, ba cheart na méideanna arna n-urrú trí bhíthin na ndleachtanna frithdhumpála sealadacha arna bhforchur leis an Rialachán sealadach a bhailiú go cinntitheach suas go dtí na leibhéil a bhunaítear faoin Rialachán seo.

9. **FORÁIL CHRÍOCHNAITHEACH**

(102) I bhfianaise Airteagal 109 de Rialachán 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]), nuair a bheidh méid le haisíoc tar éis breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, is é an t-ús is ceart a íoc an ráta a chuireann an Banc Ceannais Eorpach i bhfeidhm maidir lena phríomhoibríochtaí athmhaoinithe, arna bhfoilsiú i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ar an gcéad lá féilire de gach mí.

(103) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir le tuairim an Choiste arna bhunú le hAirteagal 15(1) den bhun-Rialachán,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Forchuirtear dleacht frithdhumpála cinntitheach ar allmhairí snátha snáithín gloine, bíodh sé casta nó ná bíodh, seachas slisní snáithín gloine, cordaí snáithín gloine agus duail mhionghearrtha, atá faoi láthair faoi chóid AC ex 7019 13 00 agus ex 7019 19 00 (Cóid TARIC 7019 13 00 10, 7019 13 00 15, 7019 13 00 20, 7019 13 00 25, 7019 13 00 30, 7019 13 00 50, 7019 13 00 87, 7019 13 00 94, 7019 19 00 30, 7019 19 00 85) agus ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne é.

2. Is mar a leanas a bheidh na dleachtrátaí frithdhumpála cinntitheacha is infheidhme maidir leis an bpraghas glan, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, atá ar an táirge a bhfuil tuairisc air i mír 1 agus arna tháirgeadh ag na cuideachtaí a liostaítear thíos:

Cuideachta	Dleacht frithdhumpála chinntitheach	Cód breise TARIC
Henan Guangyuan New Material Co., Ltd	26,3 %	89FV
Gach allmhaire eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne	56,1 %	8999

3. Beidh cur i bhfeidhm na ndleachtrátaí aonair a sonraíodh le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 2 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint, a shainaithneofar de réir ainm agus de réir

([7]) Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

feidhm, arna dhréachtú mar a leanas: '*Déanaimse, mise a bhfuil mo shíniú leis seo, a dheimhniú maidir le (méid san aonad atá á úsáid againn) den (táirge lena mbaineann) a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach agus a chumhdaítear leis an sonrasc seo, gurbh é (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) a mhonaraigh é sa [tír lena mbaineann]. Dearbhaím gur iomlán agus gur ceart an fhaisnéis sa sonrasc seo*.' Go dtí go dtabharfar an sonrasc sin ar aird, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir le gach allmhaire eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

4. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm leis na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim.

Airteagal 2

Na méideanna arna n-urrú trí bhíthin na dleachta frithdhumpála sealadaí faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2673 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí snátha snáithín gloine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, déanfar iad a bhailiú go cinntitheach. Na méideanna arna n-urrú de bhreis ar rátaí cinntitheacha na dleachta frithdhumpála, déanfar iad a scaoileadh.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 18 Márta 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN